Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 31

# Iompar, Turasóireacht Agus Spórt

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, réitigh mé an cuntas atá ar ceangal ina sonraítear an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 do thuarastail agus costais Oifig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, chun íoc as deontais agus as seirbhísí áirithe eile.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2018, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2017, faoi na socruithe a bunaíodh le hAlt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Tá farasbarr €4.814 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Cuimsítear an Ráiteas maidir le Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

***Fáltais ó chiste an rialtais áitiúil***

Suas go dtí deireadh 2017, chuir an Roinn Pleanála Tithíochta agus Rialtais Áitiúil maoiniú ón gCiste Rialtais Áitiúil ar fáil don Roinn seo maidir le soláthar bóithre poiblí agus / nó iompar poiblí. De réir aistriú feidhmeanna idir Airí arna gcinneadh ag an Rialtas, cuireadh deireadh le hAistriú Fáltais Mhótarchánach chuig an gCiste Rialtais Áitiúil ar 1 Eanáir 2018. Tá fáltais den sórt sin iníoctha anois leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ansin cuirtear ar aghaidh go díreach chuig an Státchiste iad. Mar thoradh air sin ní fhaightear ranníocaíocht don Vóta seo a thuilleadh mar Leithghabháil i gCabhair ón gCiste Rialtais Áitiúil. Méadaíodh deontas an Státchiste don Vóta seo mar chúiteamh ar an athrú seo.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***Dímheas***

Is é polasaí na Roinne ná sócmhainní a dhímheas ón dáta ceannaigh gan aon dímheas a sholáthar le linn na bliana diúscartha. Gearrtar dímheas ag na rátaí seo a leanas

- talamh agus foirgnimh – dímheas ar bith
- troscáin agus feistis –10%
- trealamh oifige – 20%
- mótarfheithiclí – 20%
- trealamh speisialta – 20%

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo dhualgais eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Dearbhú maidir le seirbhísí comhroinnte***

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh seirbhísí comhroinnte litir dom ina bhfuil leagtha amach an dul chun cinn atá déanta maidir le forbairt an phróisis dearbhaithe iniúchta. San litir seo pléitear an creat rialachais agus rialuithe atá i bhfeidhm agus áirítear inti tuairiscí na hiniúchtaí a rinneadh chun na rialuithe a fheidhmiú laistigh de thimpeallacht na seirbhísí comhroinnte.

Braithim ar an litir ráthaíochta seo ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta ar Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtar na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an Chomhaontaithe um Bainistíocht Seirbhísí d'Fhostaithe (CBSF) idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhís Comhroinnte chun seirbhís párolla agus acmhainní daonna chomhroinnte a sholáthar.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá taifead déanta i ndoiciméid ar na nósanna imeachta príomhacha.
- Tá córais socraithe chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.
- go bhfuil sé deimhnithe go raibh Rannóg Airgeadais na Roinne comhlíontach le caighdeán ISO: 9001:2008 agus cuireadh síneadh ar feadh 1 bhliain amháin sa bhreis suas go dtí Feabhra 2020 leis an deimhniúchán, maidir lena nósanna imeachta bainistíochta.

***Ag Feabhsú rialuithe i dtaca le hÍocaíochtaí Deontais do Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha***

Áirítear sa chaiteachas faoi Fho-cheannteideal B3 deontais ar luach €434 milliún le haghaidh fheabhsúchán agus chothabháil na mbóithre áitiúla agus réigiúnacha. Tá an Roinn freagrach as an gclár deontais ach idir 2009 agus 2013 ghlac an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN, anois tugtar Bonneagar Iompair Éireann nó BIÉ ar an eagraíocht) freagracht as riar na ndeontas ar son na Roinne. Bhí mar chuid de ghnáthamh rialaithe de chuid BIÉ monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar oibreacha feabhsúcháin bhóithre ag innealtóirí agus ag cigirí BIÉ.

I 2013, thug BIÉ le fios nach raibh sé in ann tabhairt faoin obair seo a thuilleadh. Ghlac an Roinn an fhreagracht uirthi féin arís as na deontais seo i 2014 ach ar mhaithe le héifeachtacht riaracháin baineann sí úsáid as an Údarás, mar ghníomhaire, chun na híocaíochtaí a eisiúint leis na húdaráis áitiúla. Cuireann Rannán Bóithre na Roinne seiceálacha riaracháin i gcrích i dtaca le caiteachas ach suas go dtí 2017 ní dhearnadh aon cigireachtaí tionscadal.

Tar éis dhá Chigire Innealtóireachta a bheith ceaptha agus Comhairleoir Sinsearach a bheith sannta, tá clár iniúchtaí cláir tionscadail / deontais faoi threoir an Phríomhchomhairleora i bhfeidhm ó thús 2018. Táthar tar éis a chur leis an maoirseacht ar an measúnú de mholtaí tionscadail agus de chláir réigiúnacha agus áitiúla um chothabháil agus feabhsú bóithre chomh maith. Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh leis an obair atá á déanamh i gcomhar le húdaráis áitiúla agus leis an Oifig um Bainistíocht Bóithre (comhsheirbhís na n-údarás áitiúil) d'fhonn a chinntiú go bhfuil na sonraí ar chóras bainistíochta pábhála MapRoad chomh cruinn agus chomh comhsheasmhach agus is indéanta. Sa chomhthéacs seo, tá Caighdeán Suirbhéireachta Cosán curtha ar fáil ag an Roinn le haghaidh Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla do na húdaráis áitiúla le húsáid i mbainistíocht pábhála bóthair. Éilítear leis an gcaighdeán seo ar údaráis áitiúla Suirbhé ar Bhail Dromchla Pábhála (PSCI) a dhéanamh ar bhóithre réigiúnacha, ar phríomhbhóithre áitiúla agus ar bhóthair thánaisteacha áitiúla go débhliantúil, agus uair gach cúig bliana i gcás bhóithre treasacha áitiúla.

***Ag Feabhsú socruithe um maoirseacht***

B'ionann an maoiniú a cuireadh ar fáil do chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne in 2018 agus €1,850 milliún. I 2017, rinneadh roinnt moltaí maidir leis na socruithe uileghabhálacha atá i bhfeidhm i dtaca le rialachas corparáideach Gníomhaireachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne in iniúchóireacht inmheánach na Roinne.

Ag teacht sna sála air sin, thionscail an Roinn athbhreithniúchán ar na socraithe maoirseachta ar a ngníomhaireachtaí agus tháinig an t-athbhreithniúchán sin chun críche nuair a d'fhaomh an Bhoird Bainistíochta Plean um Chreatlach Maoirseachta nua i mBealtaine 2018. I measc na feabhsuithe príomhacha a tugadh isteach leis an bPlean Creatlach Maoirseachta áirítear

- Soiléiriú maidir leis na róil agus na dualgais na Roinne ó thaobh maoirseachta ar ghníomhaireachtaí de.
- Struchtúir tuairiscithe foirmeálta don Bhord Bainistíochta a thabhairt isteach chun dearcadh "il-Rannach" a léiriú maidir le comhlíonadh na gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne lena ndualgais tuarascála faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú; Cuireadh tuarascálacha don mBord Bainistíochta ar na gníomhaireachtaí tráchtála agus ar na gníomhaireachtaí neamhthráchtála i láthair i mí Iúil 2018 agus i Meán Fómhair 2018, faoi seach.
- Rochtain feabhsaithe ar shaineolas airgeadais chun cúnamh a fháil maidir le socraithe monatóireachta agus maoirseachta. Le linn 2018, thug an Roinn Comhairleoir Airgeadais ar iasacht chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha na ngníomhaireachtaí ar bhonn leanúnach.
- Scaoileadh teimpléad caighdeánach chun cuidiú leis na ranna deireadh líne Comhaontú um Sheachadadh Feidhmithe le gníomhaireachtaí. Tá PDAanna i bhfeidhm le haghaidh na gníomhaireachtaí bainteacha go léir.

Táthar tar éis na fadhbanna a tugadh faoi deara in 2017 a réiteach tríd an Plean um Creatlach Maoirseachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm an agus tá an Bord Bainistíocha agus an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí araon sásta leis na bearta atá curtha i bhfeidhm faoin am seo.

***A chinntiú go ndéantar comhaltaí Bhord Chóras Iompair Éireann (CIE) a athsholáthar go tráthúil***

Le linn 2018, mhol Iniúchadh Inmheánach na Roinne gur chóir folúntais ar Bhord CIE a réamh-mheas agus a bheith ullmhaithe leo lena chinntiú nach mbíonn aon easpa acmhainní agus scileanna ann.

Ag leanúint ar aghaidh ón moladh seo rinne an Roinn earcú agus cónascadh ar earcú deichniúr comhaltaí de chuid Bhord CIÉ agus a fochuideachtaí in aon fheachtas earcaíochta amháin ar a ndearna an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí bainistíocht uirthi. Bhí an fógra chun na deichniúr comhaltaí boird seo a earcú sa bhreis ar na trí cheapachán déag a rinne an tAire le CIÉ agus a fhochuideachtaí i rith 2018.

***An iniúchadh inmheánach agus an coiste iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn príomhrioscaí agus a dhéanann iad a thuairisciú chomh maith leis na príomhghníomhartha a dhéantar chun déileáil leis na rioscaí sin agus, chomh fada is gur féidir, chun na rioscaí sin a mhoilliú.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá ann don Roinn agus tá na rioscaí sin aitheanta, tá measúnacht déanta orthu agus tá siad grádaithe in ord suntasachta. Sa chlár rioscaí tá cur síos ar na sonraí maidir leis na rialaithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar dualgais maidir le feidhmiú rialaithe do bhaill foirne ar leith.

Déanann an Bord Bainistíochta an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú trí uaireanta sa bhliain, agus sa ráithe eile dírítear ar chothabháil agus feabhsú córais. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh ar shlí ina ndeimhnítear go ndéantar dóthain bainistíocht orthu.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá gnásanna foirmeálta curtha ar bhun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh chomh maith leis an mbainisteoireacht agus an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi aon lagaithe rialaithe, nuair is gá, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe a baineann leo aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúchán na príomhrialaithe sin agus chun aon lagaithe ar tugadh faoi deara iad a thuairisciú.

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas chun ceannacháin a dhéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir. I 2018, chomhlíon an Roinn leis na treoirlínte go léir, cé is moite d’aon conradh amháin arbh fhiú €60,872 é. Cuirtear sonraí an chonartha seo san áireamh i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/02. Bhain an conradh seo le hathbhreithniú a choimisiúnú ar Oibríochtaí Cuardaigh agus Tarrthála Maoirseachta (SAR) in Éirinn tar éis moladh sábháilteachta ón Aonad um Imscrúdú Timpistí Aeir. Is é an toradh a bhí ar an athbhreithniú seo ná go ndearnadh tuarascáil a chabhraigh le forbairt Phlean nua Cuardaigh agus Tarrthála d’Éirinn, agus lena bheith glactha leis chomh maith.

***Athbhreithniú ar an éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil gnásanna curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a cuid gnásanna bainistíochta riosca agus rialaithe. Déanann obair na iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha bonn eolais a chur ar an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtúlacht an chórais rialú inmheánach airgeadais atá againn agus tá an bhainisteoireacht shinsearach sa roinn freagrach as forbairt agus as cothabháil an creat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Ceisteanna a bhaineann leis an rialú airgeadais inmheánach***

Níor tugadh aon lagaithe sna rialuithe inmheánacha airgeadais faoi deara maidir le 2018 a raibh, nó a bhféadfar go mbeidh, caillteanas ábharach mar thoradh air.

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
18 Meán Fómhair 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 31 Iompar, Turasóireachta agus Spóirt don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 31 Iompar, Turasóireachta agus Spóirt don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Meán Fómhair 2019

## Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Eitlíocht shibhialta | | | | |
| | *Bunaidh* | 28,127 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,500 | | | |
| | | | 29,627 | 28,142 | 25,285 |
| B | Iompar ar tír | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,660,507 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 1,645 | | | |
| | *Forlíontach* | 34,330 | | | |
| | | | 1,696,482 | 1,691,046 | 1,475,083 |
| C | Iompar agus sábháilteacht mhuirí | | | | |
| | *Bunaidh* | 95,966 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 1,100 | | | |
| | *Forlíonach* | 1,700 | | | |
| | | | 98,766 | 90,909 | 87,286 |
| D | Seirbhísí spóirt agus áineasa | | | | |
| | *Bunaidh* | 111,380 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 7,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,620 | | | |
| | | | 121,500 | 118,558 | 107,762 |
| E | Seirbhísí Turasóireachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 133,805 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 705 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,350 | | | |
| | | | 137,860 | 134,270 | 123,692 |

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,029,785 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 10,950 | | | |
| | *Forlíontach* | 43,500 | | | |
| | | | **2,084,235** | **2,062,925** | **1,819,108** |
| | *Asbhain* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **24,477** | **26,347** | **379,243** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,005,308 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 10,950 | | | |
| | *Forlíontach* | 43,500 | | | |
| | | | **2,059,758** | **2,036,578** | **1,439,865** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn le bheith curtha le caiteachas na bliana ina dhiaidh. €18,366,000 de leithdháiltí nár caitheadh i leith eilimintí caipitil Fho-cheannteidil A.3, B.5, B.6, B.7, B.8, C.3, D.3, D.4, E.6 agus E.7 tugtha ar aghaidh go dtí 2019.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 23,179,599 | 13,212,200 |
| Forghéilleadh iarchurtha | (18,366,000) | (10,950,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **4,813,599** | **2,262,200** |

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

18 Meán Fómhair, 2019

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 2,018,315 | 1,784,530 |
| Pá | | 30,726 | 28,133 |
| Neamhphá | | 13,884 | 6,445 |
| **Ollchaiteachas** | | **2,062,925** | **1,819,108** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **26,347** | **379,243** |
| **Glanchaiteachas** | | **2,036,578** | **1,439,865** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (2,919) | | |
| Diúscairtí airgid tirim | 39 | | |
| (Brabús)/caillteanas ar dhiúscairtí | (39) | | |
| Dímheas | 3,935 | | |
| | | 1,016 | (729) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh agus réamhíocaíochtaí | (1,546) | | |
| Laghdú ar stoc | 102 | | |
| | | (1,444) | 405 |
| **Caiteachas díreach** | | **2,036,150** | **1,439,541** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 18,019 | 16,766 |
| Measchíosanna | | 3,757 | 3,785 |
| **Glanchostas cláir** | | **2,057,926** | **1,460,092** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna meastacháin a leanas i ndáil le Vóta 31 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 148 | 120 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 12,608 | 12,289 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,814 | 3,901 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 52 | 58 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | 397 | 398 |
| | **18,019** | **16,766** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **11,598** | **14,423** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 18,819 | 8,381 |
| Stoic | 2.4 | 1,100 | 1,202 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,410 | 888 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 764 | 1,131 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **23,093** | **11,602** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 2,568 | 2,592 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 1,386 | 1,643 |
| Glan-cistiú dleacht an Stát-chiste | 2.7 | 18,197 | 7,869 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **22,151** | **12,104** |
| **Glansóchmainní/(glandliteanais reatha)** | | **942** | **(502)** |
| **Glansócmhainní** | | **12,540** | **13,921** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **12,540** | **13,921** |

### 2.1 Cuntas maoinithe an stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 13,921 | 13,597 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 2,059,758 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (18,366) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (4,814) | | |
| Vóta glan | | | 2,036,578 | 1,439,865 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 18,019 | 16,766 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 3,757 | 3,785 |
| Coigeartuithe ar shócmhainní caipitil - talamh & foirgnimh | 2.2 | | (1,809) | — |
| Glanchostas cláir | 1 | | (2,057,926) | (1,460,092) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **12,540** | **13,921** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Tailte agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótarfheithiclí | Saintrealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2018 | 2,470 | 23,390 | 445 | 15,409 | 23,639 | 65,353 |
| Breiseanna | 179 | 595 | 47 | 782 | 1,316 | 2,919 |
| Aistriú amach[a] | (948) | — | — | — | — | (948) |
| Coigeartú[b] | (861) | — | — | — | — | (861) |
| Athaicmiú | — | (75) | — | — | 75 | — |
| Diúscairtí | — | (3,064) | (12) | (436) | | (3,512) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2018 | 840 | 20,846 | 480 | 15,755 | 25,030 | 62,951 |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2018 | — | 20,202 | 367 | 11,003 | 19,358 | 50,930 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,162 | 55 | 1,455 | 1,263 | 3,935 |
| Diúscairtí | — | (3,064) | (12) | (436) | — | (3,512) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2018 | — | 18,300 | 410 | 12,022 | 20,621 | 51,353 |
| | | | | | | |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2018** | **840** | **2,546** | **70** | **3,733** | **4,409** | **11,598** |
| | | | | | | |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2017 | 2,470 | 3,188 | 78 | 4,406 | 4,281 | 14,423 |

Nótaí [a] Baineann na sócmhainní a aistrítear amach le haonaid Gharda Cósta agus le stáisiúin raidió a aistrítear chuig Oifig na nOibreacha Poiblí.

[b] Baineann an coigeartú le talamh atá faoi úinéireacht Choimisinéirí Soilse na hÉireann (€464,000) agus ceartú i ndáil le hiontrálacha dúblacha ar an gClár Sócmhainní Seasta a aithníodh tar éis athbhreithniú deireadh bliana.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 18,555 | 8,213 |
| Cuntais bhainc tráchtála | 264 | 168 |
| | **18,819** | **8,381** |

### An cuntas bainc mótarchánach

Tá cuntas bainc ag an Roinn chun go bhféadfaí mótarcháin a bhailiú agus a leithdháileadh agus na fáltais a aistriú chuig an Státchiste. Ní tharchuirtear aon airgead atá dlite ón vóta nó a íoctar as an vótáil tríd an gcuntas bainc seo. Is é an méid a bhí á choimeád ag deireadh 2018 ná €16,784 agus níl an tsuim sin áirithe sa chuntas (2017: € Neamhní).

## 2.4 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht agus trealamh oifige | — | 23 |
| Tomhaltáin TF | 84 | 73 |
| Tomhaltáin speisialta (Garda Cósta na hÉireann) | 1,016 | 1,106 |
| | **1,100** | **1,202** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí gníomhaireachta Oifig na nOibreacha Poiblí | 632 | 323 |
| Pinsin in-ghnóthaithe | — | 790 |
| Eile | 132 | 18 |
| | **764** | **1,131** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim agus Muirear Sóisialta Uilíoch | 478 | 659 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 232 | 297 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 87 | 64 |
| Cáin Bhreisluacha | 370 | 203 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 107 | 55 |
| Muirir um Pinsin | 49 | 62 |
| Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste | — | 166 |
| | 1,323 | 1,506 |
| Eile | 63 | 137 |
| | **1,386** | **1,643** |

## 2.7 Glan-cistiú dleacht an stát-chiste

| amhail an 31 Nollaig | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le géilleadh | 4,814 | 2,262 |
| Géilleadh iarchurtha | 18,366 | 10,950 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (4,983) | (5,343) |
| **Glan-cistiú dleacht an Stát-chiste** | **18,197** | **7,869** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc | 18,819 | 8,381 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 764 | 1,131 |
| | 19,583 | 9,512 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,323) | (1,506) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (63) | (137) |
| | (1,386) | (1,643) |
| | **18,197** | **7,869** |

## 2.8 Ceangaltais

**Ceangaltais Dhomhanda**

| amhail an 31 Nollaig | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 246,111 | 297,280 |
| Cláir deontais neamh-chaipitil | 114 | — |
| Cláir Deontais Chaipitil | 113,664 | 148,621 |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | **359,889** | **445,901** |

**Ceangaltais a ndearnadh iad faoi cheannteidil sholáthair**

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí héileacaptair cuardaigh agus tarrthála | 212,114 | 273,358 |
| Aerfoirt | 22,571 | 6,798 |
| Ceadúnú feithiclí/tiomána | 10,298 | 13,601 |
| An tAonad um an Athrú Aeráide | 469 | — |
| An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí | — | 263 |
| Teicneolaíocht faisnéise | 105 | 148 |
| Taighde Straitéiseach | 67 | 35 |
| Seirbhísí Garda Cósta | 487 | 3,077 |
| | **246,111** | **297,280** |

**Ceangaltais Neamh-dheontais Chaipitil**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | — | — |
| Deontais íoctha sa bhliain | (29) | — |
| Dídhílsithe Deontais Nua | 143 | — |
| Deontais curtha ar ceal | — | — |
| Iarmhéid deiridh | **114** | — |

**Ceangaltais Deontais Chaipitil**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 148,621 | 119,493 |
| Deontais íoctha sa bhliain | (39,976) | (45,641) |
| Dídhílsithe Deontais Nua | 6,726 | 75,011 |
| Deontais curtha ar ceal | (1,707) | (242) |
| Iarmhéid deiridh | **113,664** | **148,621** |

**Mórthionscadail chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2017 | Caiteachas in 2018 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Fad saoil iomlán ionchais an tionscadail 2018 | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail - 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Limistéir Taistil níos Cliste | 22,750 | 492 | — | 23,242 | 23,250 |
| Páirc Uí Chaoimh | 25,126 | 3,374 | 1,500 | 30,000 | 30,000 |

## 2.9 Dliteanais tagtha in aibíocht

| Amhail an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Níl meastachán ar dhliteanais theagmhasacha dlíuchtaithe faoi dheireadh bliana | **188** | **920** |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt cásanna dlí. Ní féidir leis an Roinn toradh a leithéid de chásanna a thuar.

Le linn 2018, d'íoc an Roinn costais socruithe dlí de €6,656,720 a bhain le cás dlí fadtréimhseach, Smith v Meade. Baineann an cás seo leis an gceanglas dlíthiúil árachas gluaisteáin a bheith agat, agus d'aontaigh an Stát le socrú, tar éis do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh rialú léiritheach a dhéanamh. Meastar go mbeidh na costais socruithe deiridh thart ar €1.2 milliún agus clúdaíonn siad sin costais dlí a thabhaíonn FBD Insurance mar gheall ar imeachtaí san Ard-Chúirt, sa Chúirt Achomhairc, sa Chúirt Uachtarach, agus i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fotheidil

### Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

| | | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 32,456 | 30,726 | | 28,133 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | 1,177 | 1,346 | | 1,271 |
| iii | Oiliúint agus Forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,273 | | | | |
| | *Forlíontach* | 7,000 | | | | |
| | | | 9,273 | 9,020 | | 1,993 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 519 | 360 | | 378 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | 1,584 | 1,498 | | 1,666 |
| vi | Costais áitribh oifige | | 564 | 579 | | 497 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 599 | 1,081 | | 640 |
| | | | **46,172** | **44,610** | | **34,578** |

**Athruithe suntasacha**

Sa nóta seo a leanas léirítear anailís den chaiteachas riaracháin faoin Vóta agus breactar amach ann na cúiseanna atá leis na difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Ag seo a leanas, léirítear na cúiseanna leis na hathruithe suntasacha sa chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

*i Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar sna meastacháin: €32.456 milliún, toradh: €30.726 milliún
Bhí an toradh níos ísle ná mar a bhí in 2018 mar gheall ar thréimhsí ama níos faide ná mar a bhíothas ag súil leo le haghaidh na hearcaíochta agus mar gheall ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn maidir leis an earcaíocht foirne agus an gcoinneáil foirne, go háirithe ár bhfoireann ghairmiúil agus theicniúil, i gcoinne na mbrúnna iomaíocha atá sa mhargadh saothair mór.

*iii Oiliúint agus Forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar sna meastacháin: €2.273 milliún, toradh: €9.02 milliún
Bhí an toradh in 2018 i bhfad níos airde ná an meastachán bunaidh agus toradh 2017 mar gheall ar chostais socruithe dlí de €6,656,720 a bheith curtha san áireamh. Bhain an socrú le cás dlí fadtréimhseach (Smith v Meade). Rinneadh soláthar do na costais seo i meastachán forlíontach le linn 2018.

*Iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar sna meastacháin: €519,000, toradh: €360,000
Bhí an laghdú €159,000 ar an gcaiteachas le seirbhísí poist agus teileachumarsáide mar gheall ar chostais poist agus teileachumarsáide níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo. Ní raibh aon chúis amháin leis an toradh a bhí níos lú ná an meastachán. Tá an toradh do 2018 ag teacht leis an toradh in 2017.

vii *Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe*
Soláthar sna meastacháin: €599,000; toradh: €1.081 milliún.

Tharla an méadú ar an gcaiteachas ar sheirbhísí comhairliúcháin agus ar athbhreithnithe beartais luach ar airgead mar gheall ar an éileamh ardaithe ar réimse leathan de sheirbhísí comhairliúcháin. San iomlán, cuireadh 44 chuideachta éagsúla ar conradh le haghaidh seirbhísí comhairliúcháin in 2018, agus b'ionann an íocaíocht aonair is airde agus €140,343 chun athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais acmhainne ag Aerfoirt Stáit.

## Clár A An Eitlíocht shibhialta

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | | 3,547 | 3,380 | 2,813 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | 732 | 795 | 644 |
| A.3 | Aerfoirt réigiúnacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,650 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,500 | | | |
| | | | | 15,150 | 15,460 | 13,213 |
| A.4 | Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta | | | 10,198 | 8,507 | 8,615 |
| | | | | **29,627** | **28,142** | **25,285** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A ag teacht leis an meastachán bunaidh. Cé go raibh dhá athrú shuntasacha i gClár A mar gheall ar an méid seo a leanas:

*A.3 Aerfoirt réigiúnacha*

Soláthar sna meastacháin: €13.65 milliún, toradh: €15.46 milliún

Le blianta beaga anuas, íocadh maoiniú chun tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla ag aerfoirt réigiúnacha trí aistrithe a cheadaigh DPER i gcaipiteal neamhchaite faoi A.3. De réir mar a baineadh úsáid iomlán as an leithdháileadh caipitil in 2018, ní raibh aon chumas ann chun freastal ar na leibhéil tacaíochta do chostais oibriúcháin a ndéantaí go traidisiúnta gan an tsuim bhunaidh mheastacháin de €13.65 milliún a shárú. Dá réir sin, lorgaíodh cistí breise chun na leibhéil tacaíochta a bhí ann cheana féin do ghníomhaíochtaí oibríochtúla ag aerfoirt réigiúnacha a choinneáil, agus mar sin bhí toradh níos airde ná an meastachán in 2018. Díríonn an chuid is mó den mhaoiniú oibríochtúil seo ar thacaíocht le costais phá as soláthar seirbhísí riachtanacha sábháilteachta agus slándála, amhail an rialú aerthráchta, póilíní, custaim agus comhrac dóiteáin, nach soláthraíonn aon toradh eacnamaíoch don aerfort.

*A.4 Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta*

Soláthar sna meastacháin: €10.198 milliún, toradh: €8.507 milliún

Ar an iomlán, bhí €1.691 milliún níos lú de chaiteachas ar sheirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta ná mar a bhí formheasta mar gheall ar roinnt mhaith fachtóir éagsúla. Tá Éire ina ball de chuid scéim mhuirearú ar-árbhealach Eurocontrol. Mar an gcéanna leis an gcuid is mó de na Ballstáit Eurocontrol, díolmhaíonn Éire aicmí áirithe eitiltí ón muirear faoi bhealach a íoc. Aisíocann an Roinn na costais a thabhaíonn an IAA i soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta seo ó airgead a bhfaightear ón Státchiste, de réir Alt 45, cuid (1)(c) d'Acht Eitlíochta na hÉireann 1993. Tharla an t-íoschaiteachas in 2018 de €800,000 toisc gur tharla níos lú eitiltí le haicmí díolmhaithe aerárthaí, rud a d’fhág go raibh ceanglas níos ísle ná mar a bhí measta le híoc leis an IAA. Ríomhtar ranníocaíocht na hÉireann i mbuiséad ginearálta Eurocontrol, ár síntiúis leis an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus ár síntiúis leis an gComhdháil Eitlíochta Sibhialta Eorpach (ECAC) de réir foirmlí lena n-áirítear athróga nach bhfuil go hiomlán soiléir go dtí pointe éigin den bhliain atá i gceist. Tarlaíonn éagsúlachtaí beaga sna torthaí mar gheall air sin. In 2018, b’ionann an t-athrú idir an meastachán agus an toradh agus €700,000. Mar bhuile scoir, bhí costas dhá pholasaí árachais eitlíochta níos lú ná €200,000 mar a bhí próifíl déanta air.

## Clár B Iompar ar tír

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | | | 12,460 | 11,676 | 10,691 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,532 | | | |
| | | *Forlíontach* | 7,000 | | | |
| | | | | 9,532 | 9,403 | 2,449 |
| B.3 | Feabhsú/cothabháil bhóithre | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 908,853 | | | |
| | | *Forlíontach* | 18,730 | | | |
| | | | | 927,583 | 930,418 | 787,534 |
| B.4 | Gníomhaireachtaí agus speansais um an tsábháilteacht ar bhóithre | | | 5,116 | 5,216 | 5,236 |
| B.5 | Costais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe | | | 19,400 | 19,821 | 15,727 |
| B.6 | An taisteal níos cliste agus an laghdú astaíochtaí carbóin | | | 5,500 | 697 | — |
| B.7 | Íocaíochtaí um sholáthar seirbhís poiblí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 300,363 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 100 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,000 | | | |
| | | | | 303,463 | 295,573 | 278,648 |
| B.8 | An t-iompar poiblí agus inbhuanaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 400,545 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 1,545 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5,600 | | | |
| | | | | 407,690 | 408,585 | 368,908 |
| B.9 | Gníomhaireachtaí agus costais iompair phoiblí | | | 5,660 | 9,599 | 5,836 |
| B.10 | Seirbhísí Ilghnéitheacha | | | 78 | 58 | 54 |
| | | | | **1,696,482** | **1,691,046** | **1,475,083** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €28.894 milliún níos airde ná mar a bhí measta i dtosach, lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, agus léiríodh athraitheas de 1.7% ann. Bhí an difríocht seo mar thoradh ar an méid seo a leanas, go príomha:

*B.2 Riarachán - Neamh-Phá*

Soláthar sna meastacháin: €2.532 milliún, toradh: €9.403 milliún

Bhí an toradh in 2018 i bhfad níos airde ná an meastachán bunaidh agus toradh 2017 mar gheall ar chostais socruithe dlí de €6,656,720 a bheith curtha san áireamh. Bhain an socrú le cás dlí fadtréimhseach (Smith v Meade). Rinneadh soláthar do na costais seo i meastachán forlíontach le linn 2018.

*B.3 Feabhsú/cothabháil bhóithre*

Soláthar sna meastacháin: €908.853 milliún, toradh: €930.418 milliún

Soláthraítear deontais faoi Fho-mhírcheann B.3 le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) chun bóithre náisiúnta a thógáil, a oibriú agus a chothabháil, agus le húdaráis áitiúla chun bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothabháil, a athnuachan agus a fheabhsú. Soláthraítear deontais le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta BIÉ freisin. Mar gheall ar an tionchar a bíonn ag teagmhais drochaimsire ar an ngréasán bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, leithdháileadh maoiniú breise trí mheastachán forlíontach le BIÉ agus leis na húdaráis áitiúla chun cuidiú le deisiúcháin riachtanacha agus le hoibríochtaí geimhridh; cuireadh maoiniú ar fáil freisin chun athstocáil an stoic lárnaigh salann a éascú tar éis éileamh as cuimse a bheith air mar gheall ar an drochaimsir.

*B.6 An taisteal níos cliste agus an laghdú astaíochtaí carbóin*

Soláthar sna meastacháin: €5.5 milliún, toradh: €697,000

Maoiníonn an fo-mhírcheann seo roinnt beart sonrach a thacaíonn le taighde ar fhéidearthachtaí laghdaithe carbóin i gcúrsaí iompair, a thriailfidh teicneolaíochtaí nua sa cheantar, nó a chuireann chun cinn glacadh le roghanna iompair atá ag astú níos ísle. Is éard atá i gceist leis an gClár um Laghdú Astaíochtaí Carbóin ná sraith bheag de thionscnaimh speisialaithe; comhlánaíonn sé an iarracht níos leithne astaíochtaí gáis cheaptha teasa náisiúnta a mhaolú/a laghdú tríd an tacaíocht shuntasach ilbhliantúil ón Státchiste chun acmhainn iompair phoiblí a leathnú agus a bhuanú trí infheistiú i mbonneagar agus trí sheirbhísí iompair phoiblí a fhóirdheonú. Baineann an Clár um Laghdú Astaíochtaí Carbóin le bearta atá nuálaíoch de ghnáth agus a bhaineann le teicneolaíochtaí agus taighde atá ag teacht chun cinn, agus fágann sé sin go mbíonn achar ama de dhíth chun glacadh leis, a bhunú agus a fháil. In ainneoin dul chun cinn seasta in 2018 maidir le roinnt beart nua a fhorbairt nó a thabhairt isteach faoin gClár, bhí tarraingt anuas an mhaoiniúcháin íseal sa bhliain ag €697,000. Bhí sé seo inchurtha go príomha mar gheall ar fhachtóirí uainiúcháin a bhain le cur i bhfeidhm níos faide nó glacadh níos moille le roinnt beart ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús. Tá na bearta seo ag dul ar aghaidh anois in 2019. Aistríodh €2.2 milliún go D5 chun Céim 2 den Airéine Náisiúnta faoi Dhíon a thógáil, chun cuidiú leis an tionscadail a bheith tugtha chun críche roimh an spriocam.

*B.9 Gníomhaireachtaí agus costais iompair phoiblí*

Soláthar sna mheastachán: €5.660 milliún, toradh: €9.599 milliún

Thacaigh an caiteachas méadaithe de €3.939 milliún in 2018 leis an ÚNI chun a chostais riaracháin mhéadaithe a chomhlíonadh ag tráth a bhfuil a chlár oibre tar éis fás mar thoradh ar leathnú suntasach ar infheistíocht bonneagair iompair phoiblí atá beartaithe faoi “Tionscadal Éireann 2040”, agus chuir sé ar chumas an Údaráis meá ar mheá sa bhliain.

## Clár C Iompar agus sábháilteacht mhuirí

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | | 12,900 | 12,291 | 12,097 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 2,738 | 2,891 | 2,772 |
| C.3 | Riarachán muirí agus Gardaí Cósta na hÉireann | | | | |
| | *Bunaidh* | 80,242 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 1,100 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,700 | | | |
| | | | 83,042 | 75,638 | 72,332 |
| C.4 | Seirbhísí Ilghnéitheacha | | 86 | 89 | 85 |
| | | | **98,766** | **90,909** | **87,286** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €6.157 milliún níos ísle ná mar a bhí measta i dtosach, lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, agus léiríodh athraitheas de 6% ann. Bhí an difríocht seo mar thoradh ar an méid seo a leanas, go príomha.

C.3 *Riarachán muirí agus Gardaí Cósta na hÉireann*

Soláthar sna meastacháin: €81.342 milliún, toradh: €75.638 milliún

Tríd is tríd, bhí an caiteachas ar an riarachán muirí agus ar Gharda Cósta na hÉireann €5.704 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh mar gheall ar roinnt saincheisteanna éagsúla. Bhí méadú níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis sna muirir mhíosúla maidir le huaireanta agus eitiltí sa chonradh héileacaptair Cuardaigh agus Tarrthála as ar eascair gannchaiteachas de €800,000. Níor theastaigh an teagmhas de €2.4 milliún a bhí leithdháilte le Coimisinéir Soilse na hÉireann. Ciallaíonn moill phleanála ar chlár tógála na stáisiún Gharda Cósta (foirgnimh nua i gCathair na Mart agus ar na Clocha Liatha go príomha) go mbeidh caipiteal €3 milliún á thabhairt ar aghaidh go 2019. Chomh maith leis an tearc-chaitheamh, bhí farasbarr caiteachais ar chostais oibriúcháin Gharda Cósta na hÉireann de €500,000.

## Clár D Seirbhísí Spóirt agus Áineasa

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán - pá | | 1,947 | 1,844 | 1,688 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | | 397 | 434 | 387 |
| D.3 | Deontais do chomhlachtaí spóirt agus do sholáthar áiseanna spóirt agus áineasa (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 41,510 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 7,500 | | | |
| | | | 49,010 | 33,949 | 33,775 |
| D.4 | Deontais do sholáthar agus d'athchóiriú linnte snámha | | 4,200 | 1,377 | 5,522 |
| D.5 | Spórt Éireann (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 58,326 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,620 | | | |
| | | | 60,946 | 75,954 | 61,840 |
| D.6 | Cistiú do bhearta spóirt ó na cuntais díomhaoin | | 5,000 | 5,000 | 4,550 |
| | | | **121,500** | **118,558** | **107,762** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €322,000 níos ísle ná mar a bhí measta i dtosach, lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, agus léiríodh athraitheas de 0.3% ann. Bhí an difríocht seo mar thoradh ar an méid seo a leanas, go príomha:

*D.3 Deontais do chomhlachtaí spóirt agus do sholáthar áiseanna spóirt agus áine ag an gCrannchur Náisiúnta)*

Soláthar sna meastacháin: €49.01 milliún, toradh: €33.949 milliún

Bhí an t-easnamh €15.061 milliún mar gheall ar an bhfíric go raibh na híostarraingtí ginearálta faoin gClár Caipitil Spóirt taobh thiar den sceideal toisc go bhfuil tarraingt anuas faoi réir éilimh agus go bhfuil sé deacair próifíl a dhéanamh orthu. Is éard is cúis leis sin ná mhoilleanna ag comhlachtaí spóirt maidir le bailiú na ndlíthíochtaí a theastaíonn chun infheistíocht an Stáit a chosaint; moill ó chomhlachtaí spóirt ar chead pleanála iomlán a fháil; saincheisteanna cumais sa tionscal foirgníochta agus in earnálacha tógála spóirt speisialtóra, agus dúshláin maidir leis an gcistiú riachtanach a ardú chun an difríocht idir an deontas a leithdháiltear agus costais iomlána an tionscadail a dhéanamh suas. Aistríodh €12 milliún go D5 chun Céim 2 den Airéine Náisiúnta faoi Dhíon a thógáil, chun cuidiú leis an tionscadail a bheith tugtha chun críche roimh an sprioc-am agus táthar chun €2.5 milliún de chaipiteal a thabhairt ar aghaidh go dtí 2019.

*D.4 Deontais do sholáthar agus d'athchóiriú linnte snámha*

Soláthar sna meastacháin: €4.2 milliún, toradh: €1.377 milliún

D'eascair an t-easnamh de €2.823 milliún toisc go raibh moill le tarraingt anuas coinneála le haghaidh Bhaile Uí Lachnáin. Tá oibreacha tógála agus críochnaithe ag Leamhcán, Bun Cranncha agus Éadan Doire fós ar siúl.

*D.5 Spórt Éireann (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta)*

Soláthar sna meastacháin: €58.326 milliún, toradh: €75.954 milliún

Baineann cuid den mhéadú de €17.628 milliún le haistriú caipitil €14.2 milliún (€2.2 milliún agus €12 milliún ó fhotheidil B.6 agus D.3 faoi seach) chun Céim 2 den Airéine Náisiúnta faoi Dhíon a thógáil. Tugadh an €14.2 milliún d'infheistíocht phleanáilte ar aghaidh chun an tionscadal a chríochnú roimh an spriocam. Soláthraíodh €2.62 milliún do Spórt Éireann mar mheastachán forlíontach ar chaiteachas spóirt ardfheidhmíochta agus ar chláir eile. Soláthraíodh €1.3 milliún breise do Spórt Éireann i 2018 chun brúnna caiteachais reatha i 2019 a éascú, lena n-áirítear tacaíocht do chláir ardfheidhmíochta, cláir rannpháirtíochta, cláir agus imeachtaí spóirt allamuigh na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta.

## Clár E Seirbhísí Turasóireachta

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán - pá | | | 1,602 | 1,536 | 844 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | | | 317 | 361 | 193 |
| E.3 | Fáilte Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 62,117 | | | |
| | | *Forlíontach* | 850 | | | |
| | | | | 62,967 | 62,616 | 59,201 |
| E.4 | Turasóireacht Éireann Teoranta - deontas le haghaidh riarachán agus speansais ghinearálta | | | 14,786 | 15,301 | 14,601 |
| E.5 | Ciste Margaíocht Turasóireachta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 37,853 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,500 | | | |
| | | | | 40,353 | 41,788 | 36,403 |
| E.6 | Forbairt Táirge Turasóireachta | | | 13,480 | 9,413 | 12,450 |
| E.7 | Glasbhealaí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,650 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 705 | | | |
| | | | | 4,355 | 3,255 | — |
| | | | | **137,860** | **134,270** | **123,692** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár E €240,000 níos ísle ná mar a bhí measta i dtosach, lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, agus léiríodh athraitheas de 0.2% ann. Bhí an difríocht seo mar thoradh ar an méid seo a leanas, go príomha:

*E.5 Ciste Margaíocht Turasóireachta*

Soláthar sna meastacháin: €37.853 milliún, toradh: €41.788 milliún.

Bhí an toradh in 2018 i bhfad níos airde ná an bun-mheastachán mar gheall ar mhaoiniú feachtas margaíochta breise chun bonn láidir a sholáthar chun fás sa Turasóireacht a sheachadadh in 2019. Ba iad na príomhfheachtais mhargaíochta a maoiníodh ná an feachtas 'Call of the Wild', Margaíocht Dhigiteach Sonraí-tiomáinte, feachtas Na Lochlannaigh de chuid Oirthear Ársa na hÉireann agus an Ciste Margaíochta Turasóireachta. Clúdaíodh na costais seo le meastachán Forlíontach agus aistriú a rinneadh le linn 2018.

*E.6 Forbairt táirge turasóireachta*

Soláthar sna meastacháin: €13.480 milliún, toradh: €9.413 milliún

Tacaíonn an maoiniú san fho-mhírcheann seo le forbairt táirgí turasóireachta trí infheistíocht chaipitil spriocdhírithe i nithe is díol spéise agus i mbonneagar turasóireachta eile. Mar gheall ar an gcineál agus an caighdeán taithí atá á lorg ag na cuairteoirí a thagann anseo, cuireann an infheistíocht seo leis an iomaíochas idirnáisiúnta atá á tairiscint againn, tríd is tríd, don turasóir, agus tá sé de chuidiú dúinn chun an turasóireacht a chothú agus fás a chur fúithi ar bhealach inbhuanaithe. Déanann Fáilte Éireann an infheistíocht seo trí mheascán de scéimeanna deontais mhóra agus bheaga, den infheistíocht dhíreach agus den chomhpháirtíochtaí straitéiseacha le comhlachtaí poiblí eile. Maidir leis an gceann deireanach seo, áirítear le comhpháirtíochtaí den sórt sin, gan a bheith teoranta dóibh, tacaíocht a thabhairt do fheabhsúcháin ar bhonneagar gníomhaíochtaí lasmuigh agus infheistíocht i sócmhainní de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí agus na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Cé gur cuireadh tús le roinnt infheistíochtaí a bhí beartaithe do 2018 agus cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir leo, níor éirigh le gach tionscadal a bheith curtha ar aghaidh go dtí an pointe go raibh gá leis an mbuiséad iomlán don tionscadal sa bhliain lena dtagraítear sna cuntais. Leanfaidh Fáilte Ireland ag obair ar na tionscadail sin in 2019 lena bpríomh-chomhpháirtithe. Ós rud é go bhfuil na cláir agus na tionscadail seo ag leanúint ar aghaidh agus go mbeidh an leithdháileadh iomlán ag teastáil uathu nuair a bheidh siad críochnaithe in 2019, tá tabhairt anonn caipitil de €4.1 milliún ceadaithe chun na críche sin.

***E.7 Féarbhealaí***

Soláthar sna meastacháin: €4.355 milliún, toradh: €3.255 milliún

Ar an iomlán, bhí an caiteachas €1.1 milliún níos ísle ná mar a bhí soláthraithe. Tharla an t-easnamh de €1.1 milliún mar gheall ar shaincheisteanna pleanála ar chuid den fhéarbhealach i nGaillimh go Baile Átha Cliath, dá bhrí sin bhí an caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Rinneadh cistí nár tarraingíodh anuas faoi dheireadh na bliana a ath-leithdháileadh i bPort Láirge agus i dTiobraid Árann ach déanfar iad a thabhairt isteach in 2019 chun an infheistíocht sin a chríochnú.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar formheasta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| 1 | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 3,694 | 3,903 | 3,548 |
| **Eitlíocht shibhialta** | | | | |
| 2 | Aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 7,095 | 6,285 | 5,911 |
| 3 | Aisghabháil cíosanna, srl an Údaráis Eitlíochta na hÉireann | 394 | 394 | 394 |
| 4 | Íocaíocht le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara | 2,391 | 2,938 | 2,036 |
| **Iompar ar tír** | | | | |
| 5 | Táillí ceadúnais iompair bóthair | 700 | 872 | 1,140 |
| 6 | Fáltais ó Chiste an Rialtais Áitiúil | — | — | 345,500 |
| 7 | Fáltais ilghnéitheacha iompair ar tír | 4,688 | 5,637 | 14,970 |
| **Iompar agus sábháilteacht mhuirí** | | | | |
| 8 | Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht um Theileaghrafaíocht gan Sreang, 1919 | 450 | 580 | 537 |
| **Seirbhísí Turasóireachta** | | | | |
| 9 | Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann | 175 | 311 | 257 |
| **Seirbhísí Spóirt** | | | | |
| 10 | Fáltais phinsin ó Spórt Éireann | 90 | 86 | 91 |
| 11 | Cuntais Díomhaoine | 4,500 | 5,000 | 4,551 |
| **Fáltais ilghnéitheacha** | | | | |
| 12 | Fáltais ilghnéitheacha | 300 | 341 | 308 |
| | **Iomlán** | **24,477** | **26,347** | **379,243** |

**Athruithe suntasacha**
Ar an iomlán, bhí Leithreasaí-i-gCabhair €1.870 milliún níos airde ná mar a bhí sa mheastachán. Ag seo a leanas na mínithe ar na difríochtaí:

1 *Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí*

Soláthar sna meastacháin: €3.694 milliún, toradh: €3.903 milliún

Is é ba chúis leis an méadú de €209,000 ná go raibh méadú ar an méid earcaíochta sa Roinn, rud a d'fhág go raibh méadú sa mhéad asbhaintí phinsean-choibhneasa.

2 *Aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta*

Soláthar sna meastacháin: €7.095 milliún, toradh: €6.285 milliún

Íocann an Roinn táillí bliantúla síntiúis d´Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, m.sh. Eurocontrol, agus forchúitíonn sí costais ó Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEÉ). Bhí a leithéid de chostais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis sa bhliain, faoi mar a léirítear i bhFo-cheannteideal A4, agus bhí na suimeanna a forchúitíodh níos ísle dá réir, ar aon dul leis an gcomhaontas atá againn leis an ÚEÉ.

4 *Íocaíocht le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara*

Soláthar sna meastacháin: €2.391 milliún, toradh: €2.938 milliún

Forchúitíonn an Roinn costais áirithe ó Údarás Eitlíochta na hÉireann maidir le hárachas, tuarastail, costais taistil agus chothabhála srl. nuair a bhaineann siad le réimsí beartais mar shampla pholasaí aerloingseoireachta agus beartas sábháilteachta aeir. Tharla an méadú de € 547,000 mar gheall ar athbhreithniú aníos ar an méid a iarradh ón IAA do 2018 agus aisíoc € 350,000 breise a fuarthas in 2018 maidir le costais 2017. Oibreoidh an Roinn leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun na fáltais níos airde atá beartaithe do na blianta amach romhainn a léiriú.

5 *Táillí ceadúnais iompair bóthair*

Soláthar sna meastacháin: €700,000, toradh: €872,000

Mar gheall ar an gcor chun feabhais sa gheilleagar ar bóthar, fuarthas ní ba mhó iarratas agus táillí gaolmhara ar cheadúnais agus ar athnuachan ná mar a rabhthas ag súil leis.

7 *Fáltais ilghnéitheacha iompair ar tír*

Soláthar sna meastacháin: €4.688 milliún, toradh: €5.637 milliún

Áirítear ar fháltais ilghnéitheacha iompair talún €935,000 ó Chomhlacht na gClár Speisialta AE do mhaoiniú CFRE i leith tionscadal arna maoiniú faoin gClár Interreg VA, Beart 3.1.

9 *Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann*

Soláthar sna meastacháin: €175,000, toradh: €311,000

Tháinig méadú ar fhigiúr na bhfáltas pinsin de chuid Fháilte Éireann de réir mar a leasaíodh rialacha na scéime pinsin ag méadú leibhéal na ranníocaíochtaí pinsin atá iníoctha ag foireann Fáilte Éireann.

11 *Cuntais Díomhaoine*

Soláthar sna meastacháin: €4.5 milliún, toradh: €5 milliún

Aisíocaíocht ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ó Chiste na gCuntas Díomhaoin maidir le bearta spóirt a íocadh ón soláthar caiteachais faoi Fho-cheann D6.

## 4.2 Fáltais Státchiste Bhreise

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 166 | — |
| Cíosanna Fhorbairt Shionainne [a] | 11 | 11 |
| Athchistithe de dheontais chaipitil spóirt [b] | 31 | 31 |
| Fáltas ó Bhus Éireann maidir le hiompras scoile | 156 | 166 |
| Fáltas an AE le haghaidh Thionscadal um Athchomharthaíocht Lár na Cathrach [d] | 441 | 2,565 |
| Ranníocaíochtaí pinsin agus seirbhís bharúlach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre [e] | 478 | 467 |
| Díbhinn ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath [f] | 37,400 | 29,100 |
| Faigheann an AE maoiniú ar thaighde i gCórais agus i Seirbhís Chliste Iompair [g] | 45 | — |
| Admháil AE ar sheirbhísí faisnéise taistil ilmhódacha [h] | 72 | |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (38,800) | (32,174) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **–** | **166** |

Nótaí [a] Cíosanna a bhailigh Údarás Aerfort na Sionainne (ÚAS) ar son an Aire.

[b] Tugadh maoiniú deontais ar ais don Vóta mar gheall, i ndiaidh go ndearna an Roinn imscrúdú air, bhí sé mar chonclúid gur tarraingíodh an maoiniú anuas in 2006 ar bhealach a sháraigh téarmaí agus coinníollacha an Chláir Chaipitil Spóirt.

[c] Baineann an fáltas ó Bhus Éireann don iompar scoile le muirear dímheasa a íoctar d´úsáid fheithiclí de chuid Bus Éireann ar bhealaí éagsúla.

[d] Airgead a fuarthas ó Ghníomhaireacht Feidhmiúchán Nuálaíochta & Líonraí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Thionscadal um Athchomharthaíocht Lár na Cathrach. Is gné lárnach den uasghrádú ar sheirbhísí iarnróid é an CCRP le go bhféadfar tuilleadh feabhais a chur ar acmhainn laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus seachadadh an Chláir Sínte DART. Leis an obair seo cuirfear cúig bhealach traenach breise in aghaidh na huaire leis an tseirbhís, i ngach treo, (suas ó 12 faoi láthair go dtí 17) sa cheantar ríthábhachtach timpeall Lár na Cathrach.

[e] Gníomhaíonn an Roinn mar an t-idirghabhálaí maidir le híoc bliantúil na ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear as pá fhoireann ÚSB. Déantar na híocaíochtaí seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

[f] Díbhinn faighte maidir le scairshealbhú in Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath i leith bhliain airgeadais 2017.

[g] Fáiltíonn an AE le maoiniú taighde ar Chórais Chliste Iompair (ITS) agus ar Sheirbhís mar chuid de thionscadal TN-ITS GO. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal ITS seo bogearraí a fhorbairt ar féidir leo athruithe a dhéanamh ar thréithe bóthair a chuirfear ar fáil do lucht siopadóireachta digiteach. Is é cuspóir an chláir ná eolas tráchta fíor-ama a bheith ann dóibh siúd go léir a bhfuil baint acu le bainistíocht tráchta, lena n-áirítear soláthraithe satnav agus úsáideoirí bóithre

[h] Is é an t-airgead a fuarthas ná tacú le tionscadal a rinne an NTA mar chuid de Ghníomh Tacaíochta Cláir chun seirbhísí faisnéise taistil ilmhódacha ar fud an Aontais a chur i bhfeidhm ar an ngréasán TEN-T. Is é cuspóir an tionscadail ná chun Éire, mar Bhallstát de chuid an AE, a chur ar a cumas sonraí a sholáthar don iompar poiblí go léir a gcuimsítear faoin aicmiú NeTEx tríd an bPointe Rochtana Náisiúnta ag www.data.gov.ie

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon na bhFostaithe (coibhéis lánaimsire)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | | |
| **An Roinn** | 557 | 486 |
| **Gníomhaireachtaí** | | |
| An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta | 18 | 18 |
| Fáilte Éireann | 341 | 339 |
| An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre | 37 | 34 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 97 | 83 |
| An Coimisiún um Rialáil Iarnróid | 14 | 15 |
| An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | 389 | 326 |
| Turasóireacht Éireann | 160 | 146 |
| Bonneagar Iompair Éireann | 254 | 255 |
| Spórt Éireann | 40 | 36 |
| | **1,907** | **1,738** |

## 5.2 Pá

| **Foireann na Roinne amháin** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 27,022 | 24,782 |
| Liúntas ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 535 | 475 |
| Liúntais eile | 595 | 552 |
| Ragobair | 574 | 554 |
| ÁSPC Fostóra | 2,000 | 1,770 |
| **Pá iomlán**[a] | **30,726** | **28,133** |

Nóta [a] Tá an figiúr iomlán pá dáilte thar fho-cheannteidil A.1, B.1, C.1, D.1, E.1

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An Íocaíocht aonair is airde** | **An íocaíocht aonair is airde** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2018** | **2017** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 110 | 49 | 21,805 | 26,374 |
| Liúntais eile | 82 | 1 | 35,422 | 25,083 |
| Ragobair | 101 | 15 | 21,690 | 21,378 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 56 | 45 | 44,574 | 41,505 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Athfhostaíodh aon státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse ar bhonn táille ar costas iomlán de €35,230. Cuireadh rialacha lacáiste um pinsin i bhfeidhm de réir mar is cuí.

## 5.5 Ró-Íocaíochtaí Párolla

Bhí 45 ró-íocaíocht ar leith ag deireadh bliana ar luach de €54,215 san iomlán i gcomparáid le 78 ró-íocaíocht ar leith in 2017 (ar luach de €56,982 san iomlán). Tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm do na ró-íocaíochtaí € 54,215 go léir.

Aistríodh dhá phlean aisghabhála ró-íocaíochta, i leith beirt dhaoine, ar luach de €2,533, ar aghaidh chuig an Roinn le linn na bliana.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | Líon cásanna | Costais dlí na Roinne | Costais dlí a bronnadh iad | Cúiteamh bronnta | 2018 Iomlán | 2017 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh arna déanamh ag:** | | | | | | |
| Fostaithe | 1 | — | 70 | 46 | 116 | — |
| Daoine den phobal | 3 | — | 1,720 | 4,976 | 6,696 | 398 |
| | | — | 1,790 | 5,022 | 6,812 | **398** |

## 6.2 Maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta

Rinne an Crannchur Náisiúnta caiteachas iomlán €109.9 milliún (€95.6 milliún in 2017) faoi fhotheidil D.3 agus D.5 a pháirtchistiú.

Tá liosta iomlán de na híocaíochtaí le dheontaithe faoi fho-mhírcheann D.3 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.dttas.ie.

## 6.3 Maoiniú ón AE

Áirítear leis an toradh a thaispeántar i bhFo-mhírcheann B.8 Iompar Poiblí agus Inbhuanaithe íocaíocht i leith gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ón ERDF. Meastacháin ar chaiteachas agus ar thoradh iarbhír mar seo a leanas:

| | 2018 Meastachán €000 | 2018 Toradh €000 | 2017 Toradh €000 |
|---|---|---|---|
| **Cuir Síos ar Fhotheideal** | | | |
| B.8 An tIompar Poiblí agus Inbhuanaithe | 2,261 | 420 | — |

## 6.4 Pinsin In-aisghabhála

Amhail an 31 Nollaig 2017 bhí iarmhéid dochair de €790,000 i mórleabhar an vóta a bhain le hiarmhéideanna dochair eile gurb í an tsuim in-aisghabhála maidir le híocaíochtaí pinsin a rinne an Roinn agus nár aisíocadh fós iad ó Vóta 12 don tréimhse 2002 go 2014. Mar thoradh ar athrú próisis tar éis 2014, rinneadh gach íocaíocht phinsin trí Vóta 12 agus mar sin rinne sé aon cheanglas maidir le haisíocaíochtaí a neamhniú.

Mar thoradh ar scrúdú fairsing a rinneadh ar an iarmhéid de €790,000 cruthaíodh fianaise mhionsonraithe tacaíochta maidir le €568,000 di, ar suim í a d'fhéadfaí a aisíoc ó Vóta 12 in 2015. Aithníodh €41,000 eile sa bhreis ar sin mar mhí-thuairisciú. Ní féidir bunús an iarmhéid de €181,000 a aithint go héasca mar gheall ar imeacht na mblianta. Tá na hiarmhéideanna de €568,000 agus €181,000 tar éis a bheith scriosta faoin am seo trí mhuirear a ghearradh in aghaidh an Riaracháin - Fo-mhírcheann neamhphá i ndáil le gach uile chlár in 2018.

## Aguisín A Cuntas comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Sa tábla thíos luaitear na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil oibleagáid ag an Roinn ráitis airgid a chur i láthair ina leith Léirítear ann, amhail an dáta ar síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deiridh agus ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste Comhlachta/ Rannach | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóra | Dáta ar a bhfuair an tAire/ an Roinn é | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais é |
|---|---|---|---|---|
| Bus Éireann | 2017 | 4 Aibreán 2018 | 11 Aibreán 2018 | 5 Meán Fómhair 2018 |
| Bus Átha Cliath | 2017 | 4 Aibreán 2018 | 11 Aibreán 2018 | 5 Meán Fómhair 2018 |
| Turais Idirnáisiúnta C.I.É. | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 09 Eanáir 2018 | 5 Meán Fómhair 2018 |
| An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta | 2017 | 6 Iúil 2018 | 25 Iúil 2018 | 4 Meán Fómhair 2018 |
| An Coimisiún um Rialáil Iarnróid | 2017 | 21 Nollaig 2018 | 2 Eanáir 2019 | 15 Márta 2019 |
| Córas Iompair Éireann (CIÉ) | 2017 | 4 Aibreán 2018 | 10 Aibreán 2018 | 27 Aibreán 2018 |
| Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath | 2017 | 28 Márta 2018 | 5 Aibreán 2018 | 25 Aibreán 2018 |
| Cuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath | 2017 | 29 Márta 2018 | 6 Aibreán 2018 | 26 Iúil 2018 |
| Cuideachta Cuain na Gaillimhe | 2017 | 4 Bealtaine 2018 | 5 Bealtaine 2018 | 26 Iúil 2018 |
| Iarnród Éireann | 2017 | 4 Aibreán 2018 | 26 Meitheamh 2019 | 08 Iúil 2019 |
| Údarás Eitlíochta na hÉireann | 2017 | 23 Márta 2018 | 26 Márta 2018 | 17 Aibreán 2018 |
| An Bord um Thaismí Muirí | 2017 | 29 Meitheamh 2018 | 19 Iúil 2018 | 21 Samhain 2018 |
| An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre | 2017 | 12 Nollaig 2018 | 8 Eanáir 2019 | 28 Márta 2019 |
| An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta – Fáilte Éireann | 2017 | 29 Meitheamh 2018 | 10 Iúil 2018 | 3 Deireadh Fómhair 2018 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 2017 | 22 Meitheamh 2018 | 2 Iúil 2018 | 4 Meán Fómhair 2018 |
| Cuideachta Phort Ros Mhic Thriúin | 2017 | 9 Lúnasa 2018 | 9 Lúnasa 2018 | 4 Deireadh Fómhair 2018 |
| Cuideachta Phort Chorcaí | 2017 | 19 Aibreán 2018 | 20 Aibreán 2018 | 26 Iúil 2018 |
| Cuideachta Cuain Phort Láirge | 2017 | 12 Márta 2018 | 9 Aibreán 2018 | 26 Iúil 2018 |
| An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | 2017 | 30 Iúil 2018 | 4 Nollaig 2018 | 17 Eanáir 2019 |
| Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge | 2017 | 5 Aibreán 2018 | 20 Aibreán 2018 | 26 Iúil 2018 |
| Grúpa na Sionainne | 2017 | 28 Márta 2018 | 9 Aibreán 2018 | 26 Aibreán 2018 |
| Spórt Éireann | 2017 | 21 Nollaig 2018 | 9 Eanáir 2019 | 15 Márta 2019 |
| Turasóireacht Éireann | 2017 | 13 Iúil 2018 | 30 Iúil 2018 | 3 Deireadh Fómhair 2018 |
| Bonneagar Iompair Éireann | 2017 | 28 Meitheamh 2018 | 1 Lúnasa 2018 | 10 Deireadh Fómhair 2018 |